

# ☘ An Lúibín ☘

31 Bealtaine 2015

## Liodán

Liodán Gaeilge a scríobh duine de scríobhaithe móra na Mumhan sa 19ú haois le hómós do Naomh Mochuda (Cárthach) agus do naoimh eile, é á léamh os ard den chéad uair riamh, go bhfios dúinn, agus pobal Astrálach á fhreagairt i nGaeilge: scéal mór agus scéal neamhchoitianta. Sin mar a bhí in Eaglais Naomh Cárthach, Parkville, Melbourne, ar 24 Bealtaine, agus íomhá den naomh ina luisne sa ghloine dhaite taobh thiar den altóir.

Bunú na heaglaise a bhí á chomóradh agus tugadh cuntas dá réir ar an mbunú féin, ar an scríobhaí (Dáibhí de Barra) agus ar Naomh Mochuda nó Cárthach. Constant News, Chris Watson agus Miriam Ní Dhonnabháin a chuir an ócáid i láthair, le cabhair ó Shiún Uí Mhaoldomhnaigh, Val Noone agus Maryna Mews.

Tá an liodán le fáil i leabhar urnaithe a scríobh Dáibhí de Barra (1757/8-1851) sa bhliain 1833. B'as Dún Guairne i gContae Chorcaí dó. Thug gaol leis, an tAthair Seán de Barra ó Chnocán na Biolraí i gContae Chorcaí, do Leabharlann Stáit Victoria é.<sup>1</sup> Tosaíonn sé mar seo:

*A Thiarna déan trócaire orainn,  
A Chríost déan trócaire orainn,  
A Chríost éist linn.  
A Chríost tabhair toradh ar ár nguí...*

Luaitear Mochuda i measc na naomh, agus críochnaíonn an liodán le paidir:

*A Iósa a cheannaigh sinn faoi pheannaid na spíonchoróine  
Is a dhiól ár n-anacal le hAthair na Tríonóide  
Guím is áilim is aitim tú, a Rí ghlórmhair  
Trócaire a thabhairt do anam an scríbhneora .i. Dáibhí de Barra*



## An t-aicsean

Deir tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga (cáipéis nach bhfuil riamh gan díomá éigin) nach bhfuil an chuid is mó d'údaráis áitiúla ag cloí leis an reachtaíocht a chosnaíonn cearta teanga cainteoirí Gaeilge. Tá sé de dhualgas ar fhorais phoiblí seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge don té arb áil leis a ghnó a dhéanamh sa teanga sin. Ní dhéanann ach dhá údarás áitiúil (i nDún na nGall agus i gContae Laoise) é sin go hiomlán.

Deir an Coimisinéir (Rónán Ó Domhnaill) gurb é an locht is mó atá ar na scéimeanna teanga úd nach bhfuil caighdeán aitheanta seirbhísí ann. Soláthraítear rud anseo agus rud ansiúd, ach ní leor sin. Fiú más mó a chuimhníonn an pobal agus forais stáit ar chearta teanga anois ná mar a dhéanadh, is beag post sna forais chéanna a bhfuil riachtanas Gaeilge ag roinnt leis.

I dáiríre, pé acu olc maith linn é, ní fiú leis na húdaráis seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus a laghad sin éilimh orthu. (Deirtear mar fhreagra air seo gur mhó an t-éileamh a bheadh ann dá mbeadh a fhios ag Gaeilgeoirí gurbh fhéidir leo teacht gan dua ar sheirbhísí ina rogha teanga.) Agus tá teorainn le cumhacht an Chomisinéara: tá sé in ann gearán agus moltaí a dhéanamh – sin an méid. Scéal é nach dtaitníonn le daoine áirithe agus cuid acu,

<sup>1</sup> MS 10595, Leabharlann Stáit Victoria: <http://www.isos.dias.ie/irish/index.html>

b'fhéidir, beagán ródháiríre. Is fiú cuimhneamh ar an méid a dúirt Concubhar Ó Liatháin, iriseoir agus conspóidí, cúpla bliain ó shin maidir le gné áirithe de thionscadal na Gaeilge in Éirinn:

We want people to 'like' the Irish language -- and not just on Facebook -- and we want people to like us. It's an insecurity which is a symptom of the siege mentality endemic among Irish language organisations. That's why articles by various commentators attacking Irish and, for instance, the vast amounts of money reportedly spent in our education system on teaching the language to little apparent effect are met with ferocious defensiveness. How dare you not like us or our language! It's part of what we are -- it's part of what you are.<sup>2</sup>

Tá an ceart aige, ach níl rath na teanga ag brath ar na heagraíochtaí úd ná ar pholasaithe rialtais ach oiread, cé go bhfuil baint éigin acu leis an scéal. Cloífidh pobal mór na hÉireann leis an mBéarla feasta agus go deo, fiú má dhéantar gaelscoil de gach bunscóil. Ach (mar a deir an Liathánach) tá mionlach i measc na glúine nua a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu, Gaeilge de chineál úr. Níl sí chomh blasta le Gaeilge na seanfhundúirí ach tá beogacht chomhaimseartha inti. Mionlach cathrach atá i gceist agus iad ina líonra fós seachas ina bpobal.

Níl le fáil ón nGhaeltacht féin ach an drochscéal, mar is léir don té a léigh píosa le Seán Tadhg Ó Gairbhí i d*Tuairisc.ie* le déanaí.<sup>3</sup> De réir an taighde is déanaí, is ar éigean go mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar theanga phobail sa Ghaeltacht faoi cheann deich mbliana, fiú dá gcuirfí i bhfeidhm na moltaí go léir a rinneadh lena sábháil.<sup>4</sup> Bhí lámh mór ag Conchúr Ó Giollagáin leis an taighde sin, agus déir sé gur polasaí teanga iar-Ghaeltachta nó 'heritage model' atá ag an Stát anois. Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil 'géarchéim teanga' sa Ghaeltacht, rud a fhágann go bhfuil an tÚdarás féin i mbéala báis. Idir an dá linn, tá sruth na teanga ag gluaiseacht i dtreo eile.

Is minic iontas á dhéanamh dá bhfuil de dhaoine ag foghlaim agus ag saothrú na Gaeilge lasmuigh d'Éirinn. Más ea, ní mór a líon, cé go bhfuil éagsúlacht ag gabháil leo. Ba dhóigh leat ar na daoine a fhreastlaíonn ar na daon scoileanna san Astráil gur dream meánaosta is mó atá ag tabhairt faoin teanga sa tír sin. Níl an dream críonna in easnamh sna Stáit agus i gCeanada ach oiread, agus tá roinnt daoine óga ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal. Is fearr leis na daoine seo cloí le ceart traidisiúnta na Gaeilge, ós rud sábháilte é; ní bheifeá ag súil le nuálaíocht uathu. As Éirinn a thiocfaidh Gaeilge na haoise úire – Gaeilge gharbh shimplithe bhríomhar.



## An Ghaeilge i gCeanada (2)

Formhór mór na nÉireannach a bhain Ceanada amach sa 19ú haois tháinig siad roimh an Drochshaol. Na sluaite a theith chun Canada ón ocras chuaigh an chuid is mó acu ó dheas go dtí na Stáit. Pobal seanbhunaithe na hÉireannaigh i gCeanada, mar sin, agus Gaeilge á labhairt ag a sliocht le breis is trí chéad bliain anuas.

Ar na hÉireannaigh is luaithe a luaitear sa Fhrainc Nua (mar a thugadh lucht labhartha Fraincise ar Ceanada) sa 17ú haois tá Tadhg Chonchúir Ó Braonáin, fear a rugadh in Éirinn sa bhliain 1632. Is dócha nach raibh focal Béarla aige ag dul chun na tíre nua dó, pé dóigh a ndearna sé é; agus Fraincís amháin a bheadh á labhairt aige as sin amach. Nochtann sé i dtaifid na Fraincise Nua sa bhliain 1661 agus é ar aimsir ag Urbain Tessier, a raibh feirm aige in aice le Montréal. D'fhuadaigh baiclé Iroquois é féin agus roinnt oibrithe eile an bhliain chéanna (ba mhínic na coilínigh i mbaol ar an doigh sin) ach scaoileadh saor é faoi dheireadh. Bhí an t-ádh leis; maraíodh cuid dá chompánaigh. Faoin am sin bhí na húdaráis ag scríobh a ainm mar Tec (nó Thecle) Cornelius Aubrenan. Ní raibh aige ag an am, de réir liosta dá chuid earraí, ach caipín dearg, crios déanta de chraiceann gráinsí, léine,

<sup>2</sup> Concubhar Ó Liatháin, 'Irish is spreading like a sexually transmitted disease,' *The Independent*, 3/11/2012 : <http://www.independent.ie/opinion/analysis/concubhar-o-liathain-irish-is-spreading-like-a-sexually-transmitted-disease-26830826.html>. Féach a bhlag ag iGaeilge.ie.

<sup>3</sup> '10 mbliana fágtha ag an nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht de réir taighde nua,' Seán Tadhg Ó Gairbhí, *Tuairisc.ie*, 22 Bealtaine 2015: <http://tuairisc.ie/10-mbliana-fagtha-ag-an-ngaeilge-mar-theanga-phobail-sa-ghaeltacht-de-reir-taighde-nua/>

<sup>4</sup> Féach *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*: <http://www.udaras.ie/en/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-proiseas-pleanala-teanga/>

carabhat, dhá chíor, scáthán agus cofrá beag daingean le heochair. Sa bhliain 1663 bhí sé ina bhall de mhíliste deonach a cuireadh ar bun chun an choilíneacht a chosaint ar na hIroquois. Tá cuntas air i ndaonáireamh na bliana sin mar bhuachaill aimsire; b'eisean an t-aon Éireannach amháin as 3,035 duine. Sa bhliain 1666 tá 'Corneille Thecle' le fáil mar *coureur de bois* le drong ceannaithe fionnaidh ag Loch Supérieur; fuair seisear eile bás ar an turas. Sa bhliain 1670 phós sé Jeanne Chartier, bean ó Pháras a bhí tar éis teacht i dtír ag Québec, agus deir an deimhniú pósta gur mhac é le Connehair Aubrenam (Conchúr Ó Braonáin) agus Honorée Jeannehour (Nóra Ní Chonchúir). Chuaigh siad le feirmeoireacht ar oileán Montréal agus rugadh seachtar clainne dóibh; cailleadh seisear acu ina leanaí, ach tá sliocht ár nduine ann fós.<sup>5</sup> Fuair sé bás sa bhliain 1687.<sup>6</sup>



**Ontario: Loch Sheoirse (Páirc Chúigeach Chill Airne)**  
*Wikipedia Commons*

Faoin mbliain 1700 bhí timpeall céad teaghlach ó Éirinn i measc an 2,500 teaghlach a bhí taifeadta sa Fhrainc Nua, gan trácht ar tríocha teaghlach eile ar de shliocht Éireannach agus Francach iad. I dtús an 18ú haois tháinig mórán Éireannach eile ó Shasana Nua chun go mbeidís a gcreideamh a chleachtadh gan bhac, agus d'fháiltigh na Francaigh roimh Éireannaigh a thréig Arm na Breataine i Meiriceá Thuaidh i rith Chogadh na Seacht mBliana. Chuir a lán acu fúthu sa Fhrainc Nua tar éis an chogaidh.

*I apprehend a great number of Irish Papists and Transports who were enlisted from the back parts of Pennsylvania and Maryland. They desert from Oswego and other garrisons up the river. I am informed that there are a great number of them amongst the Delaware and Susquehana Indians who have done a world of prejudice to our interests. (1756, Sir William Johnston, Fort Johnston)<sup>7</sup>*

Cainteoirí Ghàidhlig is mó a rinne idirphósadh leis na Bundúchasaigh, ach rinne roinnt Éireannach an cleas céanna, leithéid Alasdair Mhic Aoidh (1735-99). Seáiníoch ab ea a mháthair; bhí sé ina chaptaen agus ina ateangaire de chuid an Indian Department, agus spreag sé na Bundúchasaigh chun cur i gcoinne lonnú Meiriceánach lastall d'Abhainn Ohio. Chaoin pobail dhúchasacha an Iarthuaiscirt é nuair a fuair sé bás. Bhí sé pósta le Seáiníoch agus rugadh mac dóibh. Tomás ab ainm dó agus ba é an Maoroifigeach Gnóthaí Indiach sa Cheantar Thiar Thuaidh é; ghríosaiigh sé na Bundúchasaigh chun cearta talaimh a éileamh.

Faoin mbliain 1767 b'Éireannaigh an cúigiú cuid den phobal in Albain Nua agus ar Oileán an Phrionsa.<sup>8</sup> Idir na blianta 1815 agus 1836 bhain beagnach 11,000 Éireannach Halifax amach; chuir os cionn 10,000 duine acu fúthu ar Oileán an Phrionsa idir 1767 agus 1850. Idir na blianta 1827 agus 1835 tháinig timpeall 65,000 san iomlán. B'as Cúige Uladh do bhreis is a leath agus tháinig roinnt mhór eile ón Mumhan. Bhí an Ghaeilge le cloisteáil go coitianta in Halifax.

Ón mbliain 1815 bhí roinnt mhaith Éireannach ag dul go dtí Ceanada Íochtarach; bhí mírath ag teacht ar thionóntaí sa bhaile de dheasca imfhálú na gcoimíní agus díshealbhú, agus ba rogha le morán acu Montréal agus Québec a bhaint amach. Bhí baint ag ceannairí Éireannacha i Montréal le grúpaí poblachtacha de chuid na gCeanadach Francach sna 1830í, cé gur chloígh a lán Éireannach eile, idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh, leis an mBreatain.

<sup>5</sup> Jack Aubry, 'Diving into the gene pool,' *The Ottawa Citizen*, 1 Iúil 2001: <http://www.bytown.net/brennan.htm>.

<sup>6</sup> Is aisteach an scéal é gur féidir le duine de shliocht Éireannach a ghinealach a chur chomh fada sin siar trí thaifid Cheanadacha nuair nach féidir le formhór mhuintir na hÉireann dul níos faide siar ná tús an 19ú haois, cheal cáipéisí.

<sup>7</sup> Luaite in Doyle, lch 29.

<sup>8</sup> *Eilean a' Phrionnsa* i nGàidhlig; *Prince Edward Island* i mBéarla.

Na hÉireannaigh a tháinig roimh na 1840í ba scológa láidre Protastúnacha cuid mhaith acu agus Gaeilge acu. Agus bhí Gaeilge ag na bochtáin freisin, iad ag déanamh ar Ontario sna 1820í agus obair le fáil acu feadh Ghleann Ottawa, ag leagan crann, ag obair i gcoiréil, ag baint canálacha. Bhí gá le maor le Gaeilge ag Canáil Rideau agus bhí Gaeilge á húsáid ag agóidithe i measc na nÉireannach. Ní maith an clú a bhí ar na hÉireannaigh ba bhoichte a bhain Québec amach roimh an mbliain 1845 agus iad chomh tugtha sin don ól agus don achramm ina gcuid campaí oibre, ag teacht agus imeacht. Ach bhí na seanamhráin acu agus na sean-nósanna.

Ba iad na hÉireannaigh na himircigh ba líonmhaire i gceantar Québec agus ba ghearr gur tháinig meánaicme Éireannach, idir Chaitliceach agus Phrotastúnach, i réim sa chathair féin - ceannaithe, dlíodóirí, dochtúirí. Orthu siúd bhí Proinsias Ó Coileán, cainteoir dúchais ón Iúr i gContae an Dúin, eagarthóir *The Freeman* in Toronto agus fear a sheas an fód i gcoinne olagarcacht na cathrach. Cailleadh é sa bhliain 1834 agus scríobh an Bhráthair Alfred a mharbhna i nGaeilge don *Canadian Catholic Report*: ‘Molaim an fear, gan leithscéal, ina theanga dhúchais, agus molaim an obair’.<sup>9</sup>

Ba é an tAthair Seán Ó Brádaigh misinéir mór cheantar Chelsea in Québec agus Gaeilge aige. B'éigean dó an teanga a úsáid, mar fuair sé timpeall céad teaghlach Caitliceach sa cheantar a raibh a bhformhór ina nÉireannaigh agus gan acu ach Gaeilge.<sup>10</sup>

### Talamh an Éisc agus New Brunswick

Ar Thalamh an Éisc is mó a bhí clú stairiúil na Gaeilge go dtí seo. Oibríthe taistil agus roinnt lonnaitheoirí buana thug an teanga i dtír leo. Is ann a cuireadh ar bun a chéad deoise Chaitliceach i Meiriceá Thuaidh toisc an oiread sin Éireannach a bheith ann. Sa bhliain 1784 dúirt James Louie O'Donnell, Proinsiasach, nárbh fhéidir freastal ar an bpobal gan ‘a perfect knowledge of the Irish language’. Agus bhí sí le cloisteáil sna cúirteanna, mar a bhí in Éirinn féin.

Rud atá chomh suimiúil céanna is ea an béaloideas a bhaineann le Talamh an Éisc, béaloideas a bailíodh in Éirinn.

*Bhíodh a lán daoine ón áit seo a' dul go Talamh an Éisc ag iascach fadó. Thugaidís leath bhliain amuigh is do thagadh a bhformhór abhaile i gcomhair a' gheimhridh. Bhí buachaill des na Gaibhmig (Conchubharaig) ó Bhaile na nGall ann agus do báthadh é a' teacht abhaile agus a raibh sa bhád n-a theannta. Bhí bean a' teacht sa bhád nó san ártach is bhí Sailm na Mallacht léigthe uirthé.*<sup>11</sup>

Ní hí an iascaireacht amháin a tharraing aird na scéalaíthe. Bhí fear ann agus tháinig sé i dtír ag cur gaistí tar éis gur bádh na fir eile a bhí in éineacht leis sa bhád. Ansin chonaic sé na mairbh:

*D'imi sé air agus tráthnóna sneachtaig a bea é, agus nuair a bhí sé a' teacht tréis a thrapanna beith curtha aige do bhuail beirt fear 'na choinne agus duine aca agus maide aige agus é a' bualadh an tsneachtaig agus na toir roimís an bhfear eile amach. Do labhair sé leo agus do labharadar leis agus d'aithin sé iad.*

Chonaic sé rudaí uafásacha eile agus a rian sin air nuair a fuarthas arís é: *Ach nuair a thárstig na páirtithe bhí sé chomh liath le gabhar agus d'r'éigean a d'aithnigheadar gur bé a bhí ann.*<sup>12</sup>

<sup>9</sup> Luaite in Doyle, lch 56.

<sup>10</sup> *Comme tous les autres centres échelonnés le long de la rivière Gatineau, Chelsea doit son origine à la richesse forestière du bassin de l'Outaouais dans cette partie du plateau laurentien. Le premier défricheur dont l'histoire locale ait conservé mémoire était un Irlandais catholique du nom de Corrigan. Ce brave homme eut nombre d'imitateurs parmi ses compatriotes puisque, en 1838, l'abbé John Brady, le grand missionnaire de la région et de l'époque, écrivait à Mgr Bourget avoir trouvé dans le canton de Chelsea, une centaine de familles catholiques, irlandaises pour la plupart et ne parlant guère que leur langue, le gaélique, que l'abbé Brady connaissait. Mgr J. Marcel Massie (2012), 'Le Développement des Paroisses-Souche dans l'archidiocèse de Gatineau' : [diocesegatineau.org/cms/php/getfile.php?fid=316](http://diocesegatineau.org/cms/php/getfile.php?fid=316)*

<sup>11</sup> 60 NFC 1352 : 400 ; Bean Uí Mhaoileoin (82), Cillmaolchéadair, Corca Dhuibhne. Bailitheoir : Seán Ó Dubhda, 1936. Doyle, lch 145.

<sup>12</sup> Coimisiún Béaloideas Éireann 446 : 19-21 (122-124): “Scéal a Tháinig ó Thalamh an Éisc”. Seán Dhónail Dhonnchadha Uí Mhainín (74), gabháltas beag talaimh, Fionn Traígh, Corcu Dhuibhne, Ciarraí. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Doyle, lgh 180-81.

Mhair an Ghaeilge i dTalamh an Éisc anuas go dtí an 20ú haois. Ach cuireadh iontas ar dhaoine nuair a tuigeadh gur mhair sí chomh fada céanna in New Brunswick. Nuair a rinne beirt scoláirí Ceanadacha, Peter Toner agus Bradford Gaunce, staidéar ar Gagetown, New Brunswick. As 925 duine, bhí Gaeilge ag 201 (timpeall 22% den phobal); níor rugadh in Éirinn ach naoi nduine dhéag acu. Bhí 20% acu fiche bliain d'aois nó níos óige. Bhí 80% ina bProtastúnaigh; bhain a sinsir le Contae Thír Eoghain, le Contae Fhear Manach agus a leithéid.

### *Dream ar leith*

Sa bhliain 1883 scríobh Tomás Ua Néill Ruiseul, úrscéalaí agus athbheochanóir, an méid a leanas i bpíosa dar theideal 'Staid na Gaedhilge agus Teangthadh Eile ins na Stáidibh Aontuigte agus 'San g-Canada':

Ó so amach ní bheidh aon trioblóid aig Francaighibh na Canada i d-taoibh a d-teangan; tá an cath beagnach críochnuighthe, óir is cine cúmhachtach anois iad.<sup>13</sup>

Tríd is tríd bhí an ceart aige, cé gur cáth é a raibh idir bhuanna agus dhíomuanna ag baint leis, agus difríochtaí idir dreamanna difriúla i measc lucht labhartha na Francise – na *Québécois*, na *Acadiens*, les *Métis*. Bhí buntáistí ag na Franciseoirí: iad a bheith seanbhunaithe ann, líon mór acu a bheith ann, a gcóras oideachais agus riaracháin féin a bheith acu, baint a bheith acu le heaglais ar leith agus meas a bheith acu orthu féin riamh mar phobal ar leith i dtír dá gcuid féin. Bhí cuid de na buntáistí seo ag na hÉireannaigh féin ach níor tháinig siad chun Éire Nua a bhunú; bhí siad sásta i ndeireadh na dála dul le lucht an Bhéarla agus na cumhachta agus ní raibh áiseanna cultúrtha acu lena dteanga a threisiú. Ua Néill Ruiseul arís:

Se so an dearmud do righne Gaoidhil na Canada ; níor chuir siad páipeur no irisleabhar air bun a riamh, agus d'á bhrigh sin, ní fad go m-beidh a d-teanga marbh.

Ach ní dócha go raibh léamh na Gaeilge ag mórán acu. Rinne sliocht na nAlabannach beagán níos fearr : bhí a lán páipéar Gàidhlig ann - *Cuairteoir na Coille*, *An Gàidheal* (Toronto), *Mac Talla* (a mhair dha bhliain déag). Chuir Cumann Muintearach na hÉireann *An Bád Beag Glas* amach in Montréal i 1909, ach ní chuirfeadh a leithéid moill ar an meath. Faoi dheireadh bhí an teanga díbrithe ó chuimhne na ndaoine.

Ach níorbh é sin deireadh an scéil. Tá sé maíte gur tháinig an Gaelachas i bhfaisean arís nuair a bhí daoine daingnithe i bhféiniúlacht níos leithne: an Ceanadachas. Thosaigh grúpaí comhrá sna nóchaidí; bhí Séamas Mac Concharraige (Séamas de Creag) chun tosaigh san obair seo, agus bhunaigh sé Cumann na Gaeltachta i 1994. Ansin cuireadh 'Gaeltacht' dúchasach ar bun; ceannaíodh píosa talaimh mar limistéar cruinnithe. Anois tá Aralt Mac Giolla Chainnigh agus díograiseoirí eile, dá laghad a líon, .

### *Le léamh:*

Daniel Doyle (2015). *Míle Míle i gCéin: The Irish Language in Canada*. Borealis.

Aidan McQuillan (Département de géographie, Université de Toronto), « Les chemins divergents : les Irlandais et les Canadiens français au XIXe siècle » : <http://www.erudit.org/livre/CEFAN/1999-3/000569co.pdf>



### **Burma/Maenmar: siar is aniar**

Sa bhliain 1948 rinneadh tír neamhspleách daonlathach den Bhurma; sa bhliain 1962 tháinig rialtas míleata i gcumhacht, rud a chuir tús le ré fhada ansmachta agus le cogadh fada le miondreamanna eitneacha. Sa bhliain 2011 scoireadh an giúnta míleata i mBurma de bharr olltoghchán na bliana 2010 agus tháinig rialtas sibhialta i réim. Scaoileadh an ceannaire daonlathach Aung San Suu Kyi saor in éineacht le cúpla céad príosúnach polaitiúil, ach ní raibh na ginearáil sásta a ngreim a bhogadh ar fad, agus tá an rian sin ar an rialtas atá ann faoi láthair. Bhí baint ar leith ag an Arm le bunú an Stáit, rud nár dhearmad na ceannasaithe riamh, agus is é an aigne atá acu i gcónaí gurb iadsan leas agus maide droma na tíre.

<sup>13</sup> Luaite in Doyle.

Tá an chinsireacht dian i mBurma fós. Is beag an mhoill ar na húdaráis ordú gobáin a thabhairt, mar a rinne siad Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa (3 Bealtaine 2015) maidir le ráitis a rinne grúpa armtha eitneach. Tá dáréag iriseoirí i bpríosún ar chúiseanna difriúla. Gearradh cúig bliana príosúnachta le sclábhaíocht orthu tar éis dóibh tuairisc a thabhairt ar mhonarcha rúnda arm ceimiceach; gearradh príosún ar chuid eile toisc gur scríobh siad rudaí faoi pholaiteoirí nár thaitin leis an Arm; dúnmharaíodh iriseoir agus é ag bailiú eolais ar an gcomhrac idir an tArm agus fórsaí ceannairceacha. Ritheann le hiriseoirí a lán rudaí a fhoilsiú a choiscfí roimhe seo, ach tá an tArm an-ghoilliúnach faoina chúrsaí féin.

D'fhógair an tUachtarán Thein Sein go scaoilfí gach príosúnach coinsiasa saor faoi dheireadh na bliana 2013, ach tá a lán cosantóirí cearta daonna, gníomhaithe polaitiúla agus talún agus feirmeoirí sactha i ngéibheann mar gur éiligh siad a gceart. Cuimhnímis ar chás na gcomharchumann. Gabhadh beirt cheannairí ó Rangún, Naing Htay Lwin agus Myo Min Min, i Mí Feabhra 2015 as méadú béag (dollar breise sa lá) ar phá suarach oibrithe éadaigh a éileamh. Cuireadh ina leith go ndearna siad agóid gan cead a fháil ó na húdaráis.

### *Na Rohingya*

Tír mheasctha is ea Burma i gcúrsaí creidimh: Búdaithe an mhórchuid de na daoine, agus tá Muslamaigh agus Críostaithe ann. I dtuaisceart Bhurma is mó atá na Muslamaigh le fáil. Tá mionlaigh Mhuslamacha ann a aithnítear mar phobail dhúchasacha agus atá ina saoránaigh. Fágann sin roinnt mhaith eile nach n-aithníonn na húdaráis mar phobal de chuid na tíre iad; orthusan a thugtar 'Rohingya' go coitianta agus tá díospóireacht ghéar ar siúl i ngeall orthu. Rinne na Briotanaigh nasc-ghabháil ar Aracan, réigiún tuaisceartach, tar éis chogadh na bliana 1826 agus d'fháiltigh roimh oibrithe ón gcuid sin den India a dtugtar Poblacht na Banglaidéise uirthi anois. Déarfadh a lán gur astu seo a fásceadh an dream a thugtar na Rohingya orthu. Mhéadaigh líon na n-inimirceach agus iad ag teacht go fóill tar éis Chogadh Neamhpleáchais na Banglaidéise sa bhliain 1971. Nil stad ag roinnt manach Búdaíoch náisiúnach ach á fhógairt go gcaithfidh an Búdachas a chosaint ar an Ioslamachas 'radacach' agus an pobal Muslamach ag méadú chomh mór sin taobh istigh den tír féin agus de thoradh inimirce neamhdhlíthiúil.<sup>14</sup>

Deirtear go bhfuil timpeall 735,000 Rohingya i mBurma agus a bhformhór ina gcónaí i mbailte beaga sa tuaisceart. Ba mhínic Muslamaigh agus Búdaithe in adharca a chéile sa réigiún sin, go háirithe i rith an Dara Cogadh Domhanda, nuair a bhí páirtiseáin Mhuslamacha a cuireadh isteach chun na Seapánaigh a ionsaí ag dul i dtreis leis an bpobal Búdaíoch. Tá rian an fhaltanais sin ar an scéal go fóill agus fonn ar pholaiteoirí agus eile tairbhe a bhaint as an mBúda-náisiúnachas chun iad féin a dhaingniú. Tá cos ar bolg á himirt ar na Rohingya dá bharr agus tá na mílte ina gcónaí anois i gcampaí tearmainn. Tá breis is 100,000 le fail i gcampaí do dhaoine easáitithe i mBurma agus gan cead acu imeacht. An gréasán de smuigléirí brúidiúla a thugadh cuid acu chun na Malaeise mar oibrithe tá sé briste faoi láthair, ach ní chuirfidh sin deireadh leis an teitheadh.

Tá an tUachtarán Thein Sein tar éis a dlí a shíniú ar cuspóir dó srian a chur leis an ráta beireatais i réigiúin áirithe de réir an ráta bháis, ganntanas bia, ráta ard breithe agus líon mór inimirceach – dlí a dhírítear ar na Rohingya de réir an dá choinníoll dheireanacha. Chuir baill de chuid Léig Náisiúnta an Daonlathais, páirtí Aung San Suu Kyi, ina choinne.

Tá Aung San Suu Kyi féin á lochtú toisc nach bhfuil an ghéarleanúint úd á cáineadh aici. Ní mór a chuimhneamh, áfach, gur polaiteoir í agus fonn uirthi an uachtarántacht a bhaint amach sa toghchán atá le teacht, agus nach mian léi olc a chur ar vótóirí Búdaíocha ag an bpointe seo. Is gearr, mar sin féin, ó dúirt urlabhra de chuid a páirtí gur ceart saoránaigh a dhéanamh de na Rohingya. Tá sé ráite ag Aung San Suu Kyi go raibh an dá thaobh páirteach san fhoréigean agus an ceart aici ó thaobh na staire de; ach deir lucht a cáinte gur míthid di a haghaidh a thabhairt le himghoin agus an ceart áirithe seo a sheasamh.

### *Le léamh:*

\* **Amnesty International**, 3 Bealtaine 2015: 'Myanmar: Release Media Workers Jailed for Peaceful Journalistic Activities': <http://www.burmapartnership.org/2015/05/myanmar-release-media-workers-jailed-for-peaceful-journalistic-activities/>

<sup>14</sup> 'The mad monks of Myanmar,' *The Diplomat*, 9 Iúil 2013 : <http://thediplomat.com/2013/07/the-mad-monks-of-myanmar/1/>

\* Burma Partnership, 4 Bealtaine 2015: 'World Press Freedom Day or World Press Restrictions Day?':  
<http://www.burmapartnership.org/2015/05/world-press-freedom-day-or-world-press-restrictions-day/>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### An t-aicsean

Deir tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga nach bhfuil an údaráis áitiúla ag cloí leis an reachtaíocht a chosnaíonn cearta teanga cainteoirí Gaeilge.

Tá scéimeanna teanga ann ach níl caighdeán ann maidir le seirbhísí. Tá níos mó eolais ag daoine ar chearta teanga anois ach ní mórán Gaeilgeoirí ag obair don stát.

Tá teorainn le cumhacht an Chomisinéara: tá sé in ann gearán agus moltaí a dhéanamh ach sin an méid. Níl rath na teanga ag brath ar na heagraíochtaí teanga ná ar pholasaithe rialtais anois, ach ar ghlúin nua de Ghaeilgeoirí sna cathracha.

Tá an Ghaeltacht ag dul i laige agus i laghad. De réir an taighde is déanaí, beidh an Ghaeilge marbh ann mar theanga phobail faoi cheann deich mbliana, fiú má chuirtear i bhfeidhm na moltaí go léir a rinneadh leis an teanga a shábháil.

Tá daoine ag foghlaim agus ag saothrú na Gaeilge lasmuigh d'Éirinn. Níl mórán acu ann san iomlán ach tá éagsúlacht ag gabháil leo. Ach as Éirinn amháin a thioctaidh Gaeilge na haoise nua.

### An Ghaeilge i gCeanada (2)

Roimh an Drochshaol a tháinig formhór na n-inimirceach ó Éirinn go dtí Ceanada. Bhí Gaeilge á labhairt ag a sliocht le breis is trí chéad bliain.

Tá tagairt déanta d'Éireannach amháin sa Fhrainc Nua (mar a thugadh na Francaigh ar Ceanada) sa 17ú haois. Bá é sin Tadhg Chonchúir Ó Braonáin, fear a rugadh in Éirinn sa bhliain 1632. I gCeanada thugtaí Tec (nó Thecle) Cornelius Aubrenan air.

Faoin mbliain 1700 bhí timpeall céad teaghlach ó Éirinn ann. I dtús an 18ú haois tháinig mórán Éireannach eile ó Shasana Nua, agus agus bhí fáilte ag na Francaigh roimh Éireannaigh a thréig Arm na Breataine i Meiriceá Thuaidh. Bhí Gaeilge ag na hÉireannaigh sin, ar ndóigh.

Rinne roinnt cainteoirí Gaeilge agus Gàidhlig idirphósadh le Bundúchasaigh na tíre (i.e. na hIndiaigh).

Faoi lár an ochtú haois déag bhí na mílte Éireannach in Albain Nua agus ar Oileán an Phrionsa (Prince Edward Island). B'as Cúige Uladh agus as Cúige Mumhan do mhórán acu agus bhí Gaeilge acu. Bhí an Ghaeilge le cloisteáil go coitianta in Halifax. Ón mbliain 1815 bhí roinnt mhaith Éireannach ag dul go dtí Montréal agus Québec.

Na hÉireannaigh a tháinig roimh an Drochshaol ba scológa láidre Protastúnacha mórán acu. Bhí Gaeilge acu, mar a bhí ag na bochtáin Chailiceacha a fuair obair in Ontario ag leagan crann, ag obair i gcoiréil, ag baint canálacha.

Ba iad na hÉireannaigh na himircigh ba líonmhaire i gceantar Québec agus ba ghearr go raibh meánaicme Éireannach ann, idir Chaitliceach agus Phrotastúnach. Bhí a lán cainteoirí Gaeilge ina measc.

Bhí Gaeilge á labhairt ag Caitlicigh agus ag Prostastúnaigh araon i dTalamh an Éisc agus in New Brunswick anuas go dtí an fichiú haois. Bailíodh a lán béaloidis faoi Thalamh an Éisc in Éirinn sa chéad chuid den fichiú haois.

Chaill Gaeil Cheanada a dteanga de réir a chéile. Choinnigh cainteoirí Fraincise a dteanga toisc gur phobal seanbhunaithe iad a raibh córas dlí agus riaracháin acu in éineacht lena gcuid scoileanna féin. Ach tháinig suim ag daoine sa Ghaeilge arís nuair a bhí siad daingnithe i gCeanada mar chuid den phobal mór.



### **Trí Chaladh**

*(dán le Colin Ryan ar foilsíodh leagan de in Feasta, Fómhar 2013)*

1.

Ghluaiseamar  
is an chumhracht inár gcoinne  
spíosraí inti is bláthanna gan ainm

na coirp ar snámh faoi na céanna  
is sméideadh an bháis i scéimh na n-éan

an fiabhras dár scagadh  
nó gur chrochamar seol  
dár dtumadh féin i dtaibhreamh toinne

2.

Caladh na raice:  
leathcheann ar na tithe  
is scáil a gcos ar crith sa taoide

ní thugadh na bcaigh aird ar an déirc  
is dhorchaigh deatach na spéire  
ár súile

d'fhágamar sparán sa teampall  
ag géilleadh arís do mhírún na gaoithe

3.

I ndeireadh an aistir bhí sí romhainn  
tír dhearg lastall den sceir

chuamar i dtír le hairm gan fónamh  
(iad millte ag an dearmad)

sinne amháin a bhí romhainn  
ag fanacht go fuar linn féin